Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2016*

# *Grafaic Theicniúil*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A*
*(120 marc)*

***Dé Luain, 20 Meitheamh***
***Maidin, 9:30 - 12:00***

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Treoracha***

(a) *Freagair* ***deich gcinn ar bith*** *de na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

(b) *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

(c) *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

(d) *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

(e) *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*

| Ceist | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Scrúduimhir:*** 

**ROINN A**. Freagair **deich gceist** ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**1.** Taispeántar ingearchló neamhiomlán agus taobhchló scanóir ticéad crannchuir.

Taispeántar freisin grafaic 3T den scanóir.

**Cuir isteach** na línte atá in easnamh san ingearchló.





**2.** Sa spás atá curtha ar fáil, déan **sceitse saorláimhe pictiúrtha** den bhuidéal smididh a thaispeántar. Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse críochnaithe.



**3.** Ainmnigh an t-earra ríomhaireachta a thaispeántar **agus** scríobh síos an úsáid a bhaintear as.

**Ainm:**

______________________________________________

**Úsáid:**

______________________________________________

______________________________________________



**4.** I **bhFíor 1** taispeántar lógó siopa seodóra agus é inscríofa sa chearnóg **ABCD**.
Tarraing an lógó méadaithe sa chearnóg **ABCD** a thugtar i **bhFíor 2**.




**Fíor 1**




**Fíor 2**

**5.** I **bhFíor 1** taispeántar lógó do chuideachta seoltóireachta.

Is tadhlaí an líne **PQ** leis an éilips ag **P**.
Aimsigh pointí fócais an éilips i **bhFíor 2** agus críochnaigh an seol agus an tadhlaí **PQ** á tharraingt agat.




**Fíor 1**




**Fíor 2**

**6.** Taispeántar ingearchló agus bonnchló cathaoir shuaimhnis ghréine.

Déan **sceitse saorláimhe** dea-chomhréirithe den chathaoir shuaimhnis sa spás atá curtha ar fáil.

Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse críochnaithe.





**7.** Taispeántar imlíníocht de phíosa míreanna mearaí. Taispeántar freisin grafaic 3T den phíosa míreanna mearaí.





Scríobh síos achar an phíosa míreanna mearaí in aonaid chearnacha.

1 chearnóg = 1 aonad cearnach.

**Achar an phíosa: ____ aonad cearnach**.

**8.** Agus an scála atá curtha ar fáil á úsáid agat, **tomhais** agus **scríobh síos** na toisí **A** agus **B** don tolg a thaispeántar.

**A**: ______________

**B**: ______________




**9.** San fhíor taispeántar foireann bloc.
Tarraing, sa spás atá curtha ar fáil, ingearchló de na bloic sa treo ina bhfuil an tsaighead.



**10.** San fhíor taispeántar imlíníocht neamhiomlán trumpa bréagáin. Taispeántar freisin mionsamhail 3T den trumpa.

Críochnaigh líníocht an trumpa agus taispeáin na tógálacha agus na pointí teagmhála go léir.






**11.** Scríobh síos **dhá** ordú CAD **ar bith** a úsáidtear chun an líníocht den chuimilteoir a dhéanamh.



**Dhá** ordú CAD ar bith: ________________

________________

**12.** Rinneadh suirbhé ar cheathrar agus fiche mac léinn maidir lena rogha lóin ó cheaintín na scoile.

Cuir scáthú ar an mbarrachairt chothrománach chun roghanna na mac léinn seo a leanas a chur in iúl.

| | | |
|---|---|---|
| Mairteoil | - | **4** mac léinn |
| Sicín | - | **8** mac leinn |
| Pasta | - | **5** mac léinn |
| Sailéad | - | **7** mac léinn |



**13.** I **bhFíor 1** taispeántar bonnchló trampailín.
Tá an imlíne bunaithe ar ochtagán rialta.

I **bhFíor 2** taispeántar bonnchló **neamhiomlán** de thrampailín atá cosúil leis.
Agus an t-ochtagán á tharraingt agat, críochnaigh an bonnchló.
Taispeáin na tógálacha go léir.



**Fíor 1**



**Fíor 2**

**14.** San fhíor taispeántar líníocht pheirspictíochta dhá phointe **neamhiomlán** de shorn.
Taispeantar freisin grafaic bheag 3T den sorn.
Críochnaigh líníocht pheirspictíochta an tsoirn.




**15.** I **bhFíor 1** taispeántar dearadh de lógó iarnróid.

Críochnaigh dearadh an lógó i **bhFíor 2** agus siméadracht aiseach á tógáil agat sa líne $LL_1$.

Cuir dath **nó** scáthú ar an lógó críochnaithe.



**Fíor 1**




**Fíor 2**

Leathanach Bán

Leathanach Bán